2024/1793

24.6.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1793 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Meitheamh 2024**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1529 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus Iiréigiún na Mara Rua ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1529.

(2) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór an rochtain atá ag an Rúis ar mhíreanna agus teicneolaíochtaí íogaire atá ábhartha don láthair chatha a shrianadh a mhéid is féidir, lena n-áirítear trí dhíriú ar eintitis i dtríú tíortha lena gcumasaítear teacht timpeall ar smachtbhannaí trí thríú tíortha. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar an gCoimisiún smachtbhannaí breise a ullmhú, lena n-áirítear smachtbhannaí i gcoinne na hIaráine. Thairis sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go leanfadh an tAontas de bheith ag obair go dian le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun aon ghéarú breise a chosc, go háirithe sa Liobáin agus sa Mhuir Rua. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar na gníomhaithe uile, go háirithe an Iaráin, staonadh ó ghníomhartha géaraitheacha.

(3) Sna conclúidí uaithi an 17 Aibreán 2024, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir agus go neamhbhalbh, an t-ionsaí a rinne an Iaráin ar Iosrael agus d'athdhearbhaigh sí a dlúthpháirtíocht iomlán le muintir Iosrael agus a tiomantas do shlándáil Iosrael agus do chobhsaíocht an réigiúin. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Iaráin agus ar a seachfhórsaí deireadh a chur leis na hionsaithe uile agus thathantaigh sí ar na páirtithe uile an-ghuaim a chur orthu féin agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh cur leis an teannas sa réigiún. Anuas air sin, luaigh an Chomhairle Eorpach go nglacfadh an tAontas bearta sriantacha breise i gcoinne na hIaráine, go háirithe i ndáil le haerárthaí gan foireann agus diúracáin. Ar deireadh, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go raibh an tAontas tiomanta i gcónaí rannchuidiú leis an díghéarú agus leis an tslándáil sa réigiún.

(4) Tá aerárthaí gan foireann a tháirgtear san Iaráin á n-úsáid ag an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i coinne na hÚcráine, rud a sháraíonn ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na tíre sin, lena n-áirítear i gcoinne sibhialtach agus in aghaidh an bhonneagair shibhialtaigh. Dá bhrí sin, trí chlár Státurraithe na hIaráine chun aerárthaí gan foireann a fhorbairt agus a tháirgeadh, rannchuidítear le sáruithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart eintiteas amháin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1529 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529, cuirtear an iontráil seo a leanas leis liosta a leagtar amach i Roinn B dar teideal ‘Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘9. | Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) | سازمان تحقیقات و جهادخودکفایی سپاه پاسداران<br><br>(Litriú Fairsise) | An cineál eintitis: eintiteas rialtais<br><br>Áit chlárúcháin: an Iaráin<br><br>Príomhionad gnó: an Iaráin<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Kavan Electroncis Behrad LLC | Is aonad taighde agus forbartha é Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn radar treáite talún, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaíochta.<br><br>Mar chuid de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí, bhí IRGC SSJO rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus soláthair a bhaineann le forbairt aerárthaí gan foireann agus diúracáin Iaránacha.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint ag IRGC SSJO le cláir aerárthaí gan foireann agus diúracán na hIaráine agus leis na haerárthaí gan foireann arna n-aistriú ag an Iaráin chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. | 24.6.2024’ |

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1793/oj